



Plean Forbartha Baile agus Purláin Inis Córthaidh 2008 - 2014

© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar chosaint. Uimh. Cheadúnais Loch Garman CCMA 9802/Comhairle Contae Loch Garman

TEIDEAL

Crios 3: Blackstoops/Cill Chonáin – Tionscl./Trách.

UIMH. LÉARSCÁILE

6

## Crios 3: Crios Tionslaíoch / Tráchtála Blackstoops/Cill Chonáin

Crios

Crios

Léarscáil 6

Léarscáil 6

**Forbhreathnú den Limistéar**
Is crios Tionsclaíoch agus Tráchtála den chuid is mó an ceantar seo le roinnt tithíochta tuaithe aonuaire agus talamh talmhaíochta. Is é an príomhsprioc a bheidh laistigh den Mháistirphlean Crios 3 seo ná chun freastal ar fhorbairtí tionsclaíocha agus tráchtála sa todhchaí ar bhealach comhordaithe agus pleanáilte. Meastar go bhfreastalóidh an criosú TU (iompar & fóntas) ar fhiontair a bhaineann le hiompar ar nós gnó cúiréireachta, tarlóirí, trádstórail agus loighistic, a éilíonn riachtanais spáis níos mó ná gnáth-aonaid tionsclaíocha.

**Rochtain & Nascálacha**
Beidh sé riachtanach don fhorbairt i dtreo cheantar acomhail Scairbh Bhailis meas a bheith aici ar fheabhsúcháin ar ghréasán na mbóithre áitiúil. Má táthar chun tarlú agus iompar a spreagadh, tá gá le gréasán na mbóithre tréscaoilteach agus inléite le naisc láidre leis an lárionad baile, trí thimpeallán Bóthair Bhaile Átha Cliath nó/agus bealach oirthir, a fhreastalóidh ar riachtanais ar an taobh eile de Abhainn na Sláine.

**Dearadh Uirbeach**
De bharr suíomh an chreasa seo cóngarach don N11 agus os rud é go bhfuil sé suite idir Cnoc Fhiodh na gCaor agus iomaire ard ar an taobh thiar, ní mór don fhorbairt an tírdhreach a thógáil san áireamh.

**Seirbhísí**
Tá codanna den cheantar seirbhísithe ag uisce poiblí, séaraigh bhréana poiblí agus séaraigh stoirme poiblí. Mar sin féin, tá líon áirithe srianta laistigh den cheantar seo maidir le seirbhísí poiblí. Riachtanas caighdeánach a bheidh i gceist d'aon tograí laistigh den cheantar ná an caolú d'uisce stoirme ag ráta de 4 l/soicind in aghaidh an heicteáir.


**Léarscáil 6: Crios 3: Blackstoops/Cill Chonáin**



### Crios 3: Crios Tionslaíoch / Tráchtála Blackstoops/Cill Chonáin



Amharc ón Aer



Ceantair le Cumas Seandálaíochta